2026/514

10.3.2026

**CINNEADH (CBES) 2026/514 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an 3 Márta 2026**

**maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigha cheapadh le haghaidh oibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) (EUNAVFOR ASPIDES/2/2026)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2024/583 ón gComhairle an 8 Feabhra 2024 maidir le hoibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) [1], agus go háirithe Airteagal 4(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 8 Feabhra 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/583 lenar bunaíodh oibríocht mhíleata slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun an tsaoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES).

(2) De bhun Airteagal 4(2) de Chinneadh (CBES) 2024/583, d'údaraigh an Chomhairle an Coiste Polaitiúil agus Slándála cinntí a dhéanamh maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar EUNAVFOR ASPIDES ('Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh').

(3) An 24 Feabhra 2026, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2026/495 [2], lenar ceapadh an Ceannasóir Grigorios NOUSIAS mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh don tréimhse ón 18 Feabhra 2026 go dtí an 14 Márta 2026.

(4) An 3 Feabhra 2026, mhol údaráis mhíleata na hIodáile an Captaen Milos ARGENTON a cheapadh i gcomharbas ar an gCeannasóir Grigorios NOUSIAS ina Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh ('an ceapachán atá beartaithe'). Chuir údaráis mhíleata na hIodáile in iúl go dtabharfar ardú céime don Chaptaen Milos ARGENTON, go Seachaimiréal, nuair a cheapfar é.

(5) An 4 Feabhra 2026, thacaigh Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh ar EUNAVFOR ASPIDES leis an gceapachán atá beartaithe ón 14 Márta 2026.

(6) An 6 Feabhra 2026, thacaigh Coiste Míleata an Aontais leis an gceapachán molta agus chomhaontaigh siad go gceapfaí an Seachaimiréal Milos ARGENTON ina Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh.

(7) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an Seachaimiréal Milos ARGENTON a cheapadh ina Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ceaptar an Seachaimiréal, Milos ARGENTON ina Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh le haghaidh oibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) ón 14 Márta 2026.

(1) IO L, 2024/583, 12.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/583/oj.
(2) Cinneadh (CBES) 2026/495 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 24 Feabhra 2026 maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2025/2217 (EUNAVFOR ASPIDES/1/2026) (IO L, 2026/495, 4.3.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/495/oj).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 14 Márta 2026.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Márta 2026.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*

*An Cathaoirleach*

L. MANDEL VENSILD